Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 8 Deireadh Fómhair 2025
(OR. en)

13520/25

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0210 (BUD)**

FIN 1150

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 8 Deireadh Fómhair 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 851 final |
| Ábhar: | LITIR LEASAITHEACH Uimh. 1 LE DRÉACHTBHUISÉAD GINEARÁLTA 2026<br>Coigeartuithe ar leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí<br>Riachtanais mheasta nuashonraithe maidir le caiteachas talmhaíochta<br>Coigeartuithe eile agus nuashonruithe teicniúla |

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, XXX
[…](2025) XXX draft

**LITIR LEASAITHEACH Uimh. 1 LE DRÉACHTBHUISÉAD GINEARÁLTA 2026**

**Coigeartuithe ar leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí**
**Riachtanais mheasta nuashonraithe maidir le caiteachas talmhaíochta**
**Coigeartuithe eile agus nuashonruithe teicniúla**

Ag féachaint don mhéid seo a leanas:

– an Conradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 314 de, i gcomhar leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 106a de,

– Cinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh[1], a tháinig i bhfeidhm an 1 Meitheamh 2021,

– Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (athmhúnlú)[2], agus go háirithe Airteagal 42 de,

– dréachtbhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh le haghaidh na bliana airgeadais 2026, arna ghlacadh ag an gCoimisiún an 9 Iúil 2025[3],

Leis seo, cuireann an Coimisiún Eorpach faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle Litir Leasaitheach Uimh. 1 a ghabhann le dréachtbhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh le haghaidh na bliana airgeadais 2026, ar na cúiseanna a leagtar amach sa mheabhrán míniúcháin.

## ATHRUITHE AR AN RÁITEAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS DE RÉIR ROINNE

Tá na hathruithe ar an ráiteas ginearálta caiteachais agus ioncaim, agus ar na ráitis ioncaim agus chaiteachais de réir roinne, le fáil ar EUR-Lex (https://eur-lex.europa.eu/budget/www/index-ga.htm). Tá leagan Béarla de na hathruithe ar an ráiteas seo i gceangal leis seo, mar fhaisnéis, mar iarscríbhinn bhuiséadach.

[1] Cinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2014/335/AE, Euratom, IO L 424, 15.12.2020, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2020/2053/oj.

[2] IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX:32024R2509

[3] COM(2025) 300 final, 9.7.2025.

## 1 RÉAMHRÁ

Le Litir Leasaitheach Uimh. 1 (AL 1/2026) a ghabhann leis an dréachtbhuiséad don bhliain 2026 (DB 2026), cumhdaítear na heilimintí seo a leanas, mar thoradh ar fhaisnéis nua atá ar fáil de réir bhrí Airteagal 42 de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509:

— Leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí a choigeartú chun a bheith i gcomhréir le glantionchar buiséadach measta na reachtaíochta a glacadh in 2026 a bhaineann leis an athbhreithniú meántéarma ar an mbeartas comhtháthaithe;
— Nuashonrú ar na riachtanais le haghaidh líne úis NextGenerationEU;
— Nuashonrú a dhéanamh ar na riachtanais mheasta, ar an ioncam sannta agus ar na leithreasuithe maidir leis an gcaiteachas talmhaíochta. Mar aon le tosca athraitheacha margaidh, cuimsítear in AL 1/2025 freisin tionchar na gcinntí san earnáil talmhaíochta ó glacadh DB 2026 i mí Iúil 2025, chomh maith le tograí eile a mheastar go mbeidh tionchar mór acu le linn 2026;
— Nuashonrú ar an deighilt idir línte cúltaca agus oibríochtúla le haghaidh na gComhaontuithe Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe (CCIInna), agus na prótacail nua leis an gCósta Eabhair, le São Tomé agus Príncipe agus le hOileáin Cook á gcur san áireamh;
— An líon post i bplean bunaíochta na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin Eorpaí um an tSláinte agus an Digitiú (HaDEA) a choigeartú tar éis cúraimí breise a tharmligean faoin nGníomh um Amhábhair Chriticiúla[4];
— Leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí a threisiú le haghaidh líne an Aontais Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta (AEA) chun tacú leis an aistriú go dtí Euro san Bhulgáir;
— Coigeartú ar an ainmníocht bhuiséadach a bhaineann leis an bhféidearthacht acmhainní a aistriú ón gCiste Aeráide Sóisialta chuig Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE), Ciste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+), an Ciste Comhtháthaithe (CC), an Ciste um Aistriú Cóir (CUAC) agus an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe (CEMID);
— Tuilleadh coigeartuithe ar ranníocaíocht an Aontais le roinnt gníomhaireachtaí díláraithe, mar a leanas:
    - Treisiú na Gníomhaireachta Eorpaí Comhshaoil (EEA) chun an comhaontú sealadach a léiriú sa chaibidlíocht i ndáil leis an Dlí maidir le Faireachán Ithreach. Tá sé beartaithe na méideanna breise a chúiteamh le laghdú coibhéiseach ar an gClár don Chomhshaol agus do Ghníomhú ar son na hAeráide (LIFE);
    - Laghdú ar an gcúlchiste don Rialachán maidir le hathshannadh cúraimí don Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán — Treoracha comhshaoil agus coinbhinsiúin idirnáisiúnta (ECHA-ENV), mar gheall ar an tionchar airgeadais athbhreithnithe tar éis moill ar an gcaibidlíocht reachtach. Cuirfear na leithreasuithe comhfhreagracha ar ais chuig an gClár LIFE;
    - Méadú ar ranníocaíocht an Aontais le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Oiliúint i bhForfheidhmiú an Dlí (CEPOL) chun feidhmiúlacht iomlán an réitigh TF nua a áirithiú agus chun cibearshlándáil a fheabhsú sa Ghníomhaireacht. Tá sé beartaithe an méadú a chúiteamh le laghdú coibhéiseach ar an gCiste Slándála Inmheánaí (CSI).

Ar an iomlán, is é glantionchar AL 1/2026 ar chaiteachas in DB 2026 laghdú EUR 386,1 milliún i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus méadú EUR 1 888,8 milliún i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí.

---

[4] Rialachán (AE) 2024/1252 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 lena mbunaítear creat chun soláthar slán inbhuanaithe amhábhar criticiúil a áirithiú agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 168/2013, (AE) 2018/858, (AE) 2018/1724 agus (AE) 2019/1020 (Téacs atá ábhartha maidir le LEE), IO L, 2024/1252, 3.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1252/oj

*(in EUR milliún)*

| Clár | Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas | Leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí |
|---|---|---|
| Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE) | 0,0 | -1 300,0 |
| Ciste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+) | 0,0 | -100,0 |
| Líne úis EURI | -51,0 | -51,0 |
| An Ciste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) | -335,1 | -440,1 |
| Comhaontuithe Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe (CCIInna) | 0,0 | 0,0 |
| An tAontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta (AEA) | 0,0 | 2,3 |
| Coigeartuithe eile ar roinnt gníomhaireachtaí díláraithe | 0,0 | 0,0 |
| Ceartúcháin theicniúla | 0,0 | 0,0 |
| **Iomlán** | **-386,1** | **-1 888,8** |

Tugtar tuilleadh eolais faoi gach comhpháirt sna ranna seo a leanas.

Sonraítear na línte buiséid ábhartha san iarscríbhinn bhuiséadach, mar aon le nuashonrú ar an ioncam a eascraíonn as na hathruithe caiteachais a áirítear sa litir leasaitheach seo.

## 2 COIGEARTÚ AR LEITHREASUITHE FAOI CHOMHAIR ÍOCAÍOCHTAÍ I nDÁIL LEIS AN ATHBHREITHNIÚ MEÁNTÉARMA AR CHOMHTHÁTHÚ

An 18 Meán Fómhair 2025, glacadh Rialachán (AE) 2025/1914 lena leasaítear Rialacháin (AE) 2021/1058 agus (AE) 2021/1056 a mhéid a bhaineann le bearta sonracha chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin straitéiseacha i gcomhthéacs an athbhreithnithe meántéarma agus Rialachán (AE) 2025/1913 lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/1057 lena mbunaítear Ciste Sóisialta na hEorpa (CSE+) a mhéid a bhaineann le bearta sonracha chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin straitéiseacha[5].

Leis na Rialacháin sin, modhnaítear leibhéal na ndreasachtaí airgeadais a thairgtear do na Ballstáit chun a gcláir a choigeartú le linn an athbhreithnithe meántéarma ar an gComhtháthú, i gcomparáid leis na tograí tosaigh ón gCoimisiún. Baineann sé sin go háirithe leis na rátaí réamh-mhaoinithe agus cómhaoinithe, chomh maith le hathruithe ar na tairseacha lena spreagtar na dreasachtaí airgeadais sin. Mar thoradh air sin, meastar gurb é EUR 2,7 billiún an glantionchar buiséadach ar leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí i mbuiséad 2026. Is laghdú EUR 1,4 billiún é sin i gcomparáid le tionchar buiséadach measta EUR 4,1 billiún an togra ón gCoimisiún, a áiríodh ar dtús i ndréachtbhuiséad 2026.

An tráth céanna, fuair an Coimisiún réamhaisnéisí nuashonraithe 2026 na mBallstát maidir le comhtháthú ag deireadh mhí Iúil. Deimhníodh leo sin na toimhdí ginearálta a d'úsáid an Coimisiún le haghaidh na riachtanas íocaíochta measta le haghaidh Cheannteideal 2a (Comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach) i ndréachtbhuiséad 2026, agus as ar tháinig méadú 79,5 % ar leibhéal foriomlán na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí i gcomparáid le buiséad 2025.

Dá bhrí sin, tá sé beartaithe leibhéal na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí do Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE) agus do Chiste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+) a oiriúnú chun a bheith i gcomhréir le toradh na reachtaíochta a bhaineann leis an athbhreithniú meántéarma ar an mbeartas comhtháthaithe, mar a leagtar amach sa tábla thíos.

*EUR*

| Líne bhuiséid | Ainm | Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas | Leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí |
|---|---|---|---|
| *Roinn III – An Coimisiún* | | | |
| 05 02 01 | CFRE — Caiteachas oibríochtúil | 0 | -1 300 000 000 |
| 07 02 01 | Sraith CSE+ faoi bhainistíocht roinnte — Caiteachas oibríochtúil | 0 | -100 000 000 |

[5] COM(2025) 123 agus 164, 1.4.2025.

| Iomlán | 0 | -1 400 000 000 |
|---|---|---|

## 3 COSTAIS CHISTIÚCHÁIN NEXTGENERATIONEU

I gcomhthéacs dhréachtbhuiséad 2026, bunaithe ar réamh-mheastacháin ar eisíocaíochtaí agus rátaí úis NGEU go dtí deireadh an tríú ráithe de 2025, mhol an Coimisiún méid iomlán EUR 8021,0 milliún le haghaidh chostas iasachtaíocht NGEU (líne úis EURI). Ba threisiú EUR 4 276,4 milliún é an leibhéal cistúcháin sin i gcomparáid leis an gclárú airgeadais le haghaidh 2026.

An 30 Meán Fómhair 2025, EUR 55,6 billiún ar an iomlán a bhí i gceist le heisíocaíochtaí uile na tacaíochta neamh-inaisíoctha ó NGEU sa tríú ráithe de 2025, nó EUR 5,5 billiún níos ísle ná mar a bhí tráth a bunaíodh Dréachtbhuiséad 2026. Mar thoradh air sin, tá costais chistiúcháin níos ísle ann, a fritháiríodh go páirteach le méadú thart ar EUR 100 milliún ar chostais bainistithe leachtachta (a mheastar anois gurb ionann iad agus EUR 350 milliún san iomlán).

Dá bhrí sin, is é EUR 7 970 milliún costas deiridh measta an chistithe le haghaidh bhuiséad 2026 i.e. riachtanais bhreise EUR 4 225,4 milliún de bhreis ar an gclárú airgeadais le haghaidh 2026. Tá an méid sin críochnaitheach, i gcomhréir leis an gcur chuige athbhreithnithe lena bhforáiltear go mbunóidh an Coimisiún buiséadú líne úis EURI ar mhéid na n-eisíocaíochtaí faoi dheireadh an tríú ráithe den bhliain roimhe sin. Cuireann an cur chuige sin bonn cobhsaí ar fáil chun 'sásra cascáide EURI' a chur i bhfeidhm faoi thráth na litreach leasaithí a ghabhann leis an dréachtbhuiséad.

Dá bhrí sin, déantar laghdú EUR 51 mhilliún ar chostas deiridh na líne úis i gcomparáid le DB 2026. Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún leibhéal na leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí a bhaineann le líne úis EURI a laghdú dá réir sin, faoi mar a léirítear sa tábla thíos:

*EUR*

| Líne bhuiséid | Ainm | Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas | Leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí |
|---|---|---|---|
| *Roinn III – An Coimisiún* | | | |
| 06 04 01 | Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh (EURI) – Íocaíocht cúpóin thréimhsiúil agus fuascailt tráth na haibíochta | -51 000 000 | -51 000 000 |
| **Iomlán** | | **-51 000 000** | **-51 000 000** |

Tá sé beartaithe na riachtanais fhoriomlána deiridh de EUR 4 225,4 milliún os cionn an chláraithe airgeadais le haghaidh 2026 a mhaoiniú i gcionmhaireachtaí comhionanna, i.e. EUR 2 122,7 milliún an ceann, ó na hinfhaighteachtaí atá ann cheana agus le hionstraim EURI a chumhdaítear le saoradh roimhe seo. Chun an 50 % a chumhdach ó na hinfhaighteachtaí atá ann cheana, ar dtús tá sé beartaithe an corrlach atá fágtha faoi fho-Cheannteideal 2b de EUR 72,8 milliún a úsáid, arna chomhlánú le EUR 2 039,9 milliún a shlógadh faoin Ionstraim Sholúbthachta. Dá bhrí sin, i gcomparáid le DB 2026, laghdaítear dul ar iontaoibh na hIonstraime Solúbthachta agus Ionstraim EURI araon faoi EUR 25,5 milliún an ceann.

## 4 AN CISTE EORPACH UM RÁTHAÍOCHT TALMHAÍOCHTA (CERT)

Le AL 1/2026 tugtar na meastacháin maidir le caiteachas talmhaíochta cothrom le dáta bunaithe ar na sonraí agus ar an gcreat reachtach is déanaí. Faoi mhí Mheán Fómhair 2025, bhí faisnéis nuashonraithe ar fáil don Choimisiún maidir leis an ionchas do na margaí talmhaíochta chomh maith le figiúirí iarbhír don chuid is mó d'fheidhmiú bhuiséad 2025 le haghaidh chomhpháirt CERT atá faoi bhainistíocht chomhroinnte. Is iad sin is bonn leis na meastacháin nuashonraithe ar na riachtanais bhuiséadacha le haghaidh 2026.

I dteannta na dtosca sin a chur san áireamh, cuimsítear in AL 1/2026 freisin tionchar cinntí reachtacha san earnáil talmhaíochta ó glacadh DB 2026 i mí Iúil 2025.

Meastar anois gurb é EUR 41 331,2 milliún riachtanais fhoriomlána CERT 2026, lena n-áirítear an cúlchiste talmhaíochta[6]. Is méadú EUR 426 mhilliún é sin i gcomparáid le DB 2026, arb iad na nithe seo a leanas is cúis leis:

1) riachtanais bhreise EUR 78,9 milliún don chúlchiste talmhaíochta le haghaidh na mbeart eisceachtúil a glacadh in 2025 agus a ndearbhófar an caiteachas ina leith i mbliain talmhaíochta 2026;
2) riachtanais bhreise EUR 91 mhilliún le haghaidh bhearta margaidh agus idirghabhálacha na mBallstát faoi airteagail bhuiséid 08 02 02 agus 08 02 03. Áirítear leis an méid sin treisiú EUR 105 mhilliún le haghaidh bearta cur chun cinn agus laghduithe EUR 13 mhilliún agus EUR 1 mhilliún faoi seach i gcás earnáil na dtorthaí agus na nglasraí agus earnáil na beachadóireachta;
3) riachtanais bhreise EUR 157 milliún le haghaidh íocaíochtaí díreacha, ós rud é go meastar go bhfanfaidh leibhéil feidhmithe in 2026 ard, de réir threocht 2025;
4) riachtanais bhreise EUR 98,6 milliún faoi airteagal buiséid 08 02 06 'Straitéis bheartais, comhordú agus iniúchadh', na hiarmhairtí airgeadais a d'fhéadfadh a bheith ag breithiúnais na Cúirte Breithiúnais a raibh coinne leo ar dtús agus ar buiséadaíodh ina leith in 2025, ach a cuireadh ar athló;
5) méadú EUR 0,5 milliún ar fhóirdheontas CERT don Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Thaighde (REA) chun na bearta cur chun cinn dá dtagraítear i bpointe 2) thuas a chur chun feidhme.

In 2025, glacadh bearta eisceachtúla faoin gcúlchiste talmhaíochta dar luach EUR 177,5 milliún. Astu sin, íocfar EUR 98,6 milliún in 2025, agus tabharfar EUR 78,9 milliún anonn go dtí 2026 i gcomhréir le hAirteagal 16(2) de Rialachán Cothrománach CBT[7]. Leis sin, méadófar an cúlchiste talmhaíochta in 2026 go EUR 528,9 milliún, rud a fhágfaidh EUR 450 milliún ar fáil le haghaidh bearta nua. Maoineofar an cúlchiste trí mheascán den mhéid de chúlchiste talmhaíochta 2025 nár caitheadh agus a tugadh anonn go dtí 2026 (EUR 356,3 milliún) agus leithreasuithe breise CERT 2026 a vótáladh ar a son (EUR 172,6 milliún).

Ar an taobh eile, méadófar méid iomlán an ioncaim shannta agus na leithreasuithe a thugtar anonn (lena n-áirítear an cúlchiste talmhaíochta) a mheastar a bheidh ar fáil in 2026 ón EUR 440 milliún a bhfuil coinne leis in DB 2026 go EUR 1201,1 milliún. Seachas tabhairt anonn EUR 356,3 milliún an chúlchiste talmhaíochta a luaitear sa mhír roimhe seo, is é ioncam sannta níos airde ná mar a bhí coinne leis ó imréiteach chuntais CERT in 2025 is cúis den chuid is mó leis an mbarrachas EUR 761,1 milliún sin. Dá bhrí sin, cumhdóidh sé go hiomlán na riachtanais bhreise a bhfuil coinne leo in 2026, dar mhéid EUR 426 mhilliún.

Mar thoradh ar na nuashonruithe sin, is é EUR 40 130,1 milliún méid iomlán na leithreasuithe faoi chomhair gealltanas le haghaidh CERT (lena n-áirítear EUR 172,6 milliún de leithreasuithe úra le haghaidh an chúlchiste talmhaíochta). Fágann sé sin corrlach EUR 411,1 milliún faoin bhfo-uasteorainn, glan ó aistrithe, atá ar fáil do CERT de EUR 40 541,2 milliún. Mar is gnách le linn na bliana, déanfaidh an Coimisiún dlúthfhaireachán ar na riachtanais le haghaidh CERT, lena n-áirítear na riachtanais maidir leis an gcúlchiste talmhaíochta, agus molfaidh sé réitigh bhuiséadacha ábhartha más gá agus de réir mar is gá.

*EUR*

---

[6] Áirítear leis na riachtanais fhoriomlána EUR 40 130,1 milliún de leithreasuithe úra móide EUR 735 mhilliún d'ioncam sannta a mheastar a bhaileofar in 2026, EUR 109,8 milliún de bharrachas 2025 agus EUR 356,3 milliún de thabhairt anonn an chúlchiste talmhaíochta.

[7] Rialachán (AE) 2021/2116 maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013, IO L 435, 6.12.2021, lch. 187, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/2116/oj.

| Líne bhuiséid | Ainm | Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas | Leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí |
|---|---|---|---|
| *Roinn III – An Coimisiún* | | | |
| 08 01 01 | Caiteachas tacaíochta le haghaidh an Chiste Eorpaigh um Ráthaíocht Talmhaíochta | 500 000 | 500 000 |
| 08 02 01 | Cúlchiste talmhaíochta | -277 368 619 | -277 368 619 |
| 08 02 02 | Na cineálacha idirghabhálacha in earnálacha áirithe faoi Phleananna Straitéiseacha CBT | -11 000 000 | -11 000 000 |
| 08 02 03 | Caiteachas a bhaineann leis an margadh lasmuigh de Phleananna Straitéiseach CBT | 102 000 000 | -3 000 000 |
| 08 02 04 | Cineálacha idirghabhálacha íocaíochtaí díreacha faoi Phleananna Straitéiseacha CBT | -247 821 370 | -247 821 370 |
| 08 02 06 | Straitéis bheartais, comhordúchán agus iniúchadh | 98 550 000 | 98 550 000 |
| **Iomlán** | | **-335 139 989** | **-440 139 989** |

## 5 NUASHONRÚ AR NA COMHAONTAITHE COMHPHÁIRTÍOCHTA MAIDIR LE hIASCAIGH INBHUANAITHE

Rinne an Coimisiún scrúdú ar an bhfaisnéis is déanaí atá ar fáil i dtaca le Comhaontuithe Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe (CCIInna) agus rinne sé athbhreithniú ar na riachtanais a bhfuil coinne leo le haghaidh 2026 ar bhonn na bhforbairtí sa chaibidlíocht leis na tríú tíortha lena mbaineann, mar a fhoráiltear i gCuid II, pointe C den Chomhaontú Idirinstitiúideach (IIA)[8]. Ar bhonn an athbhreithnithe sin, molann an Coimisiún EUR 2,0 milliún i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí a aistriú ón gcúlchiste chuig príomhlíne oibríochtúil CCII. Baineann an t-aistriú sin atá neodrach ó thaobh buiséid de le prótacail nua leis an gCósta Eabhair, le São Tomé agus Príncipe agus le hOileáin Cook.

Leis an gcoigeartú atá beartaithe, is éard a bheidh sna leithreasuithe faoi chomhair gealltanas iomlána a bheidh ar fáil do na comhaontuithe comhpháirtíochta iascaigh inbhuanaithe (CCIInna) EUR 114,2 milliún sa chúlchiste agus EUR 39,7 milliún ar an bpríomhlíne oibríochtúil. Maidir le leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí, beidh méid EUR 85,9 milliún i bhfoirm cúlchiste san áireamh sa mhéid iomlán EUR 130,4 milliún.

*EUR*

| Líne bhuiséid | Ainm | Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas | Leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí |
|---|---|---|---|
| *Roinn III – An Coimisiún* | | | |
| 08 05 01 | Creat rialachais a bhunú le haghaidh gníomhaíochtaí iascaireachta ag soithí iascaireachta de chuid an Aontais in uiscí tríú tíortha | 2 025 000 | 2 025 000 |
| 30 02 02 | Leithreasuithe difreáilte (*Cúlchiste d'airteagal buiséid 08 05 01)* | -2 025 000 | -2 025 000 |
| **Iomlán** | | **0** | **0** |

## 6 AN GHNÍOMHAIREACHT FEIDHMIÚCHÁIN EORPACH UM AN tSLÁINTE AGUS AN DIGITIÚ (HADEA)

Tá sé beartaithe plean bunaíochta HaDEA a threisiú le post amháin breise in 2026. Áiritheofar leis sin gur féidir leis an nGníomhaireacht na cúraimí breise a tarmligeadh chuici faoin nGníomh um Amhábhair Chriticiúla a chur i gcrích. Beidh an ghníomhaireacht in ann na costais ghaolmhara le haghaidh 2026 a mhaoiniú laistigh dá buiséad mar atá beartaithe i ndréachtbhuiséad 2026, agus dá bhrí sin ní bheidh gá le leithreasuithe breise ina leith.

Leagtar amach san iarscríbhinn bhuiséadach na hathruithe gaolmhara ar an bplean bunaíochta.

---

[8] Comhaontú Idirinstitiúideach idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le smacht buiséadach, le comhar in ábhair bhuiséadacha agus le bainistíocht fhónta airgeadais, agus maidir le hacmhainní dílse nua , lena n􀀀áirítear treochlár i dtreo acmhainní dílse nua a thabhairt isteach, IO L 433I, 22.12.2020, lch. 28, ELI: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX:32020Q1222(01)

## 7 Líne an Aontais Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta (AEA) a threisiú maidir leis an mBulgáir an Euro a ghlacadh

Rachaidh an Bhulgáir isteach sa limistéar Euro an 1 Eanáir 2026. Tagann sé sin sna sála ar an Tuarascáil dhearfach ón gCoimisiún Eorpach maidir le Cóineasú an 4 Meitheamh, a deimhníodh leis an tuairim ó Pharlaimint na hEorpa agus leis an gcinneadh críochnaitheach ó Chomhairle ECOFIN an 8 Iúil.

Mar a tharla i gcás tabhairt isteach an euro roimhe seo, agus i gcomhréir leis an gComhaontú Comhpháirtíochta maidir le heagrú gníomhaíochtaí cumarsáide a síníodh idir an Coimisiún Eorpach agus Poblacht na Bulgáire an 12 Aibreán 2024, déanfaidh an Coimisiún gníomhaíochtaí cumarsáide na Bulgáire a chómhaoiniú, suas le huasmhéid 50 % de na costais. Comhfhreagraíonn na costais iomlána do 1 euro in aghaidh an chónaitheora.

Chun foráil a dhéanamh maidir le cómhaoiniú ón Aontas, iarradh treisiú EUR 3,3 milliún i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus EUR 1 mhilliún i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí chun réamh-mhaoiniú 2025 a chumhdach i mBuiséad Leasaitheach 2/2025, arna maoiniú trí shlógadh coibhéiseach na hIonstraime Solúbthachta. Chun an íocaíocht deiridh (a chomhfhreagraíonn do 70 % de mhéid an Chomhaontaithe Deontais leis an mBulgáir) a fhorghníomhú, iarrtar EUR 2,3 milliún breise i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí le haghaidh 2026. I gcomhréir leis an slógadh ag Buiséad Leasaitheach 2/2025, maoinítear an méid sin trí shlógadh coibhéiseach na hIonstraime Solúbthachta.

*EUR*

| Líne bhuiséid | Ainm | Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas | Leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí |
|---|---|---|---|
| *Roinn III – An Coimisiún* | | | |
| 06 20 04 01 | Comhordú agus faireachas ar an Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta mar aon le cumarsáid ina leith, an euro san áireamh | 0 | 2 334 500 |
| **Iomlán** | | **0** | **2 334 500** |

## 8 Ainmníocht bhuiséadach a chruthú a bhaineann leis an bhféidearthacht aistrithe a dhéanamh ón gCiste Aeráide Sóisialta chuig Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE), Ciste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+), an Ciste Comhtháthaithe (CC), an Ciste um Aistriú Cóir (CUAC) agus an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe (CEMID)

Tá coigeartú ar an ainmníocht bhuiséadach beartaithe, chun go mbeifí in ann acmhainní a aistriú ón gCiste Aeráide Sóisialta chuig Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE), Ciste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+), an Ciste Comhtháthaithe (CC), an Ciste um Aistriú Cóir (CUAC) agus an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe (CEMID); Dá réir sin, tá na línte buiséid nua seo a leanas a leagtar amach thíos le cruthú:

*EUR*

| Líne bhuiséid | Ainm | Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas | Leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí |
|---|---|---|---|
| *Roinn III – An Coimisiún* | | | |
| 09 05 02 | Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE) — Ranníocaíocht ón gCiste Aeráide Sóisialta | iontráil mheabhráin | iontráil mheabhráin |
| 09 05 03 | Ciste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+) — Ranníocaíocht ón gCiste Aeráide Sóisialta | iontráil mheabhráin | iontráil mheabhráin |
| 09 05 04 | An Ciste Comhtháthaithe (CC) — Ranníocaíocht ón gCiste Aeráide Sóisialta | iontráil mheabhráin | iontráil mheabhráin |
| 09 05 05 | An Ciste um Aistriú Cóir (CUAC) — Ranníocaíocht ón gCiste Aeráide Sóisialta | iontráil mheabhráin | iontráil mheabhráin |
| 09 05 06 | An Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe (CEMID) — Ranníocaíocht ón gCiste Aeráide Sóisialta | iontráil mheabhráin | iontráil mheabhráin |
| **Iomlán** | | **0** | **0** |

Soláthraítear na nótaí tráchta buiséid comhfhreagracha san iarscríbhinn bhuiséadach.

## 9 COIGEARTUITHE AR GNÍOMHAIREACHTAÍ DÍLÁRAITHE

### 9.1 *An Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil (EEA) a threisiú*

Ceanglaítear le comhaontú sealadach na gcomhreachtóirí i ndáil leis an Dlí maidir le Faireachán Ithreach acmhainní EEA a mhéadú le gníomhaire breise amháin ar conradh ó 2026 ar aghaidh. Cuirtear buiséad soláthair breise ar fáil leis an gcomhaontú freisin chun táirge nua Copernicus a fhorbairt maidir le baint ithreach, chun faireachán a dhéanamh ar shéalú ithreach agus chun na sonraí a chomhtháthú sa tairseach sonraí dhigiteach um shláinte ithreach. Ceanglaíodh sa chomhaontú go ndéanfaí athbhreithniú ar an Ráiteas Reachtach Airgeadais agus Digiteach nárbh fhéidir a eisiúint ach i mí na Bealtaine, agus mar gheall ar an amlíne táirgeachta, bhí sé ródhéanach chun a bheith san áireamh sa togra ón gCoimisiún le haghaidh Dhréachtbhuiséad 2026. Dá bhrí sin, tá sé beartaithe anois an méadú EUR 0,3 milliún in 2026 ar na leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí le haghaidh EEA a chur san áireamh. Tá sé beartaithe an méid sin a fhritháireamh go hiomlán ó chlár LIFE.

*EUR*

| Líne bhuiséid | Ainm | Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas | Leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí |
|---|---|---|---|
| *Roinn III – An Coimisiún* | | | |
| 09 10 02 | An Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil | 296 135 | 296 135 |
| 09 02 01 | An Nádúr agus an bhithéagsúlacht | -296 135 | -296 135 |
| **Iomlán** | | **0** | **0** |

### 9.2 *Fáltas ó chúlchiste don Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán – Treoracha comhshaoil agus coinbhinsiúin idirnáisiúnta (ECHA – ENV)*

Tá sé beartaithe laghdú EUR 1 mhilliún a dhéanamh ar an gcúlchiste a cruthaíodh don Rialachán maidir le hathshannadh cúraimí do ECHA-ENV in 2026, mar gheall ar mhoill ar an gcaibidlíocht reachtach. Cuirfear na leithreasuithe comhfhreagracha ar ais chuig an gClár LIFE.

*EUR*

| Líne bhuiséid | Ainm | Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas | Leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí |
|---|---|---|---|
| *Roinn III – An Coimisiún* | | | |
| 30 02 02 | Leithreasuithe difreáilte (Cúlchiste d'airteagal buiséid 09 10 01) | -1 000 000 | -1 000 000 |
| 09 02 02 | An geilleagar ciorclach agus cáilíocht saoil | 1 000 000 | 1 000 000 |
| **Iomlán** | | **0** | **0** |

### 9.3 *Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Oiliúint i bhForfheidhmiú an Dlí (CEPOL) a threisiú*

Molann an Coimisiún ranníocaíocht an Aontais le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Oiliúint i bhForfheidhmiú an Dlí (CEPOL) a threisiú le EUR 0,5 milliún i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí, chun feidhmiúlacht iomlán an réitigh nua TF arna sholáthar ag an gCoimisiún tar éis an chibirionsaithe in 2024 a áirithiú, chomh maith le feabhas a chur ar an gcibearshlándáil sa Ghníomhaireacht.

Tá sé beartaithe an treisiú a chúiteamh le laghdú coibhéiseach ar leithreasuithe an Chiste Slándála Inmheánaí.

*EUR*

| Líne bhuiséid | Ainm | Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas | Leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí |
|---|---|---|---|
| *Roinn III – An Coimisiún* | | | |
| 12 02 01 | An Ciste Slándála Inmheánaí (CSI) | -500 000 | -500 000 |
| 12 10 02 | Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Oiliúint i bhForfheidhmiú an Dlí (CEPOL) | 500 000 | 500 000 |
| **Iomlán** | | **0** | **0** |

## 10 Ceartúcháin theicniúla a bhaineann leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí

Ba cheart na coigeartuithe teicniúla seo a leanas a chur chun feidhme, ar coigeartuithe iad a bhaineann leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí faoi Cheannteideal 7:

— Ag DB 2026, choinnigh an Coimisiún foireann chobhsaí ar bun do na hinstitiúidí uile, rud a d'fhág gur tháinig laghduithe ar iarrataí na n-institiúidí ar luach saothair agus ar liúntais. I gcás an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí (MECS), cuireadh an laghdú ar an mbuiséad luacha saothair agus liúntas i bhfeidhm go heisiach ar líne bhuiséid MECS. Ba cheart an coigeartú sin a chur i bhfeidhm maidir le línte buiséid MECS agus an Bhoird Eorpaigh um Chosaint Sonraí áfach, mar a bhí beartaithe ar dtús ag MECS ina n-iarratas foireann breise a fháil in DB 2026. Mar thoradh air sin, déantar línte EDPB a laghdú EUR 593 104 i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí, mar aon le méadú comhfhreagrach ar línte MECS.
— Ina theannta sin, d'iarr MECS ceartú teicniúil idir línte buiséid 3 0 4 1 (costais aistriúcháin agus ateangaireachta) agus 3 0 4 7 (Caiteachas oibriúcháin eile), a chuirtear chun feidhme leis seo.

Tá tionchar buiséadach neodrach ag an dá choigeartú, agus léirítear iad sa tábla thíos:

*EUR*

| Líne bhuiséid | Ainm | Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas | Leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí |
|---|---|---|---|
| *Roinn IX – An Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí* | | | |
| 1 1 0 0 | Luach saothair agus liúntais | 519 000 | 519 000 |
| 1 1 1 0 | Foireann ar conradh | 74 104 | 74 104 |
| 3 0 1 0 | Luach saothair agus liúntais | -519 000 | -519 000 |
| 3 0 2 0 | Foireann ar conradh | -74 104 | -74 104 |
| 3 0 4 1 | Costais aistriúcháin agus ateangaireachta | -59 126 | -59 126 |
| 3 0 4 7 | Caiteachas oibriúcháin eile | 59 126 | 59 126 |
| **Iomlán** | | **0** | **0** |

## 11 Maoiniúchán

Ar an iomlán, is é glantionchar AL 1/2026 ar chaiteachas in DB 2026 laghdú EUR 386,1 milliún i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus EUR 1 888,8 milliún i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí.

Mar thoradh ar an laghdú EUR 51 mhilliún ar na riachtanais bhreise os cionn an chláraithe airgeadais le haghaidh líne EURI in 2026, tagann laghdú EUR 25,5 milliún an ceann ar shlógadh na hIonstraime Solúbthachta agus Ionstraim EURI i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí.

Is é an toradh atá ag athruithe ar líne AEA agus ag an slógadh a rinneadh roimhe seo ar an Ionstraim Sholúbthachta i mBuiséad Leasaitheach 2/2025 méadú EUR 2,3 milliún ar shlógadh na hIonstraime Solúbthachta le haghaidh leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí. Dá bhrí sin, is é an glantionchar in AL 1/2026 laghdú EUR 23,2 milliún ar shlógadh na hIonstraime Solúbthachta i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí.

Meastar anois gurb éard a bheidh sna na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí 2026 a bhaineann le slógadh na hIonstraime Solúbthachta sna blianta 2023 go 2026 EUR 2 443,6 milliún i bpraghsanna reatha. Tá sceideal íocaíochta measta na méideanna gaolmhara gan íoc le haghaidh na mblianta sin sonraithe sa tábla seo a leanas:

| *An Ionstraim Sholúbthachta - próifíl íocaíochta (i milliúin EUR)* | | | | |
|---|---|---|---|---|
| *Bliain slógtha* | **2026** | **2027** | **Lasmuigh de CAI** | **Iomlán** |
| 2023 | 83,2 | 0,0 | 0,0 | **83,2** |
| 2024 | 83,7 | 46,3 | 0,0 | **129,9** |
| 2025 | 15,8 | 9,4 | 5,7 | **30,9** |
| 2026 | 2 260,9 | 0,0 | 0,0 | **2 260,9** |
| **Iomlán** | **2 443,6** | **55,7** | **5,7** | **2 540,9** |

| | | **Dréachtbhuiséad 2026** | | **Litir Leasaitheach 1 a ghabhann le Dréachtbhuiséad 2026** | | **Dréachtbhuiséad 2026 agus AL1 san áireamh** | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | **LfcG** | **LfcÍ** | **LfcG** | **LfcÍ** | **LfcG** | **LfcÍ** |
| 1 | **Margadh Aonair, Nuálaíocht agus Cúrsaí Digiteacha** | **22 054 411 197** | **23 309 360 126** | | | **22 054 411 197** | **23 309 360 126** |
| | *Uasteorainn* | *22 210 000 000* | | | | *22 210 000 000* | |
| | *Corrlach* | *155 588 803* | | | | *155 588 803* | |
| 2 | **Comhtháthú, Athléimneacht agus Luachanna** | **71 726 138 425** | **74 617 397 666** | **-51 000 000** | **-1 448 665 500** | **71 675 138 425** | **73 168 732 166** |
| | *Uasteorainn* | *67 523 000 000* | | | | *67 523 000 000* | |
| | *agus de sin, faoin Ionstraim Sholúbthachta* | *2 065 413 428* | | *-25 500 000* | | *2 039 913 428* | |
| | *Agus de sin, faoi Ionstraim EURI* | *2 138 223 000* | | *-25 500 000* | | *2 112 723 000* | |
| | *Corrlach* | *498 003* | | | | *498 003* | |
| 2a. | Comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach | 56 592 501 997 | 59 697 735 625 | | -1 400 000 000 | 56 592 501 997 | 58 297 735 625 |
| | *Uasteorainn* | *56 593 000 000* | | | | *56 593 000 000* | |
| | *agus de sin, faoin Ionstraim Sholúbthachta* | | | | | | |
| | *Corrlach* | *498 003* | | | | *498 003* | |
| 2b. | Athléimneacht agus luachanna | 15 133 636 428 | 14 919 662 041 | -51 000 000 | -48 665 500 | 15 082 636 428 | 14 870 996 541 |
| | *Uasteorainn* | *10 930 000 000* | | | | *10 930 000 000* | |
| | *agus de sin, faoin Ionstraim Sholúbthachta* | *2 065 413 428* | | *-25 500 000* | | *2 039 913 428* | |
| | *Agus de sin, faoi Ionstraim EURI* | *2 138 223 000* | | *-25 500 000* | | *2 112 723 000* | |
| | *Corrlach* | | | | | | |
| 3 | **Acmhainní Nádúrtha agus Comhshaol** | **56 971 882 355** | **53 133 437 506** | **-335 139 989** | **-440 139 989** | **56 636 742 366** | **52 693 297 517** |
| | *Uasteorainn* | *57 100 000 000* | | | | *57 100 000 000* | |
| | *Corrlach* | *128 117 645* | | *335 139 989* | | *463 257 634* | |
| | **Ar a n□áirítear: Caiteachas a bhaineann leis an margadh agus íocaíochtaí díreacha** | **40 465 226 756** | **40 517 034 090** | **-335 139 989** | **-440 139 989** | **40 130 086 767** | **40 076 894 101** |
| | *Fo-uasteorainn CERT* | *41 764 000 000* | | | | *41 764 000 000* | |
| | *Difríocht an tslánaithe eisiata chun an fochorrlach a ríomh* | *773 000* | | | | *773 000* | |
| | *Glanaistrithe idir CERT agus CETFT* | *-1 222 773 000* | | | | *-1 222 773 000* | |
| | *An t-iarmhéid glan atá ar fáil le haghaidh chaiteachas CERT* | *40 541 227 000* | | | | *40 541 227 000* | |
| | *Fo-uasteorainn choigeartaithe CERT ceartaithe trí aistrithe idir CERT agus CETFT* | *40 542 000 000* | | | | *40 542 000 000* | |
| | *Fochorrlach CERT* | *76 773 244* | | *335 139 989* | | *411 913 233* | |
| | *Fochorrlach CERT (gan difríocht an tslánaithe a chur san áireamh)* | *76 000 244* | | *335 139 989* | | *411 140 233* | |
| 4 | **An Imirce agus Bainistiú Teorainneacha** | **5 010 000 515** | **3 886 530 129** | | | **5 010 000 515** | **3 886 530 129** |
| | *Uasteorainn* | *5 103 000 000* | | | | *5 103 000 000* | |
| | *Corrlach* | *92 999 485* | | | | *92 999 485* | |
| 5 | **Slándáil agus Cosaint** | **2 803 506 939** | **2 250 800 408** | | | **2 803 506 939** | **2 250 800 408** |
| | *Uasteorainn* | *2 810 000 000* | | | | *2 810 000 000* | |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| *agus de sin, faoin Ionstraim Sholúbthachta* | | | | | | |
| *Corrlach* | *6 493 061* | | | | *6 493 061* | |
| **6 An Chomharsanacht agus an Domhan** | **15 505 020 092** | **16 511 670 072** | | | **15 505 020 092** | **16 511 670 072** |
| *Uasteorainn* | *15 614 000 000* | | | | *15 614 000 000* | |
| *agus de sin, faoin Ionstraim Sholúbthachta* | | | | | | |
| *Corrlach* | *108 979 908* | | | | *108 979 908* | |
| **7 Riarachán Poiblí Eorpach** | **13 475 160 508** | **13 475 160 508** | | | **13 475 160 508** | **13 475 160 508** |
| *Uasteorainn* | *12 506 000 000* | | | | *12 506 000 000* | |
| *agus de sin, faoin Ionstraim Sholúbthachta* | *220 957 069* | | | | | |
| *Agus de sin, faoin Ionstraim Corrlaigh Aonair 11(1)(a)* | *748 203 439* | | | | *748 203 439* | |
| *Corrlach* | | | | | | |
| **ar a n□áirítear: Caiteachas riaracháin na n-institiúidí** | **10 127 840 831** | **10 127 840 831** | | | **10 127 840 831** | **10 127 840 831** |
| *Fo-uasteorainn* | *9 464 000 000* | | | | *9 464 000 000* | |
| *agus de sin, faoin Ionstraim Sholúbthachta* | | | | | | |
| *Agus de sin, faoin Ionstraim Corrlaigh Aonair 11(1)(a)* | *663 840 831* | | | | *663 840 831* | |
| *Fo-chorrlach* | | | | | | |
| **Leithreasuithe le haghaidh ceannteideal** | **187 546 120 031** | **187 184 356 415** | **-386 139 989** | **- 1 888 805 489** | **187 159 980 042** | **185 295 550 926** |
| ***Uasteorainn*** | ***182 866 000 000*** | ***201 170 000 000*** | | | ***182 866 000 000*** | ***201 170 000 000*** |
| ***agus de sin, faoin Ionstraim Sholúbthachta*** | ***2 286 370 497*** | ***2 466 761 755*** | ***-25 500 000*** | ***-23 165 000*** | ***2 260 870 497*** | ***2 443 596 755*** |
| ***Agus de sin, faoin Ionstraim Corrlaigh Aonair 11(1)(a)*** | ***748 203 439*** | | | | ***748 203 439*** | |
| ***Agus de sin, faoi Ionstraim EURI*** | ***2 138 223 000*** | ***2 138 223 000*** | ***-25 500 000*** | ***-25 500 000*** | ***2 112 723 000*** | ***2 112 723 000*** |
| ***Corrlach*** | ***492 676 905*** | ***18 590 628 340*** | ***335 139 989*** | ***1 840 140 489*** | ***827 816 894*** | ***20 430 768 829*** |
| **Ionstraimí speisialta téamacha** | **5 715 921 020** | **5 022 549 248** | | | **5 715 921 020** | **5 022 549 248** |
| **Iomlán na leithreasuithe** | **193 262 041 051** | **192 206 905 663** | **-386 139 989** | **-1 888 805 489** | **192 875 901 062** | **190 318 100 174** |